**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0292/2021**

27.10.2021

# TUARASCÁIL

maidir leis an daonlathas agus saoirse agus iolrachas na meán a neartú in AE: an úsáid mhíchuí a bhaintear as gníomhaíochtaí faoin dlí sibhialta agus faoin dlí coiriúil chun iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta a chur ina dtost
(2021/2036(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla
An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéirí: Tiemo Wölken, Roberta Metsola

(Cruinnithe comhchoiste – Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

Rapóirtéir don tuairim (*):
Loucas Fourlas, an Coiste um Chultúr agus um Oideachas

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

IARSCRÍBHINN ......................................................................................................................22

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS..................................25

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................34

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ..36

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an daonlathas agus saoirse agus iolrachas na meán a neartú in AE: an úsáid mhíchuí a bhaintear as gníomhaíochtaí faoin dlí sibhialta agus faoin dlí coiriúil chun iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta a chur ina dtost (2021/2036(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus go háirithe Airteagal 2, Airteagal 3, Airteagal 4(3) agus Airteagail 5, 6, 7 agus 19 de,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 70, 81, 82, 114 agus 352 de,

– ag féachaint don Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') agus go háirithe Airteagail 11, 12, 15, 20, 47, 48 agus 54 di,

– ag féachaint do Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach agus do Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, atá i gceangal le CAE agus le CFAE,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (an Róimh II)[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (an Bhruiséil I)[2],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh 390/2014[4],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár Ceartais agus lena leasaítear Rialachán (AE) 1382/2013[5],

[1] IO L 199, 31.7.2007, lch. 40.
[2] IO L 351, 20.12.2012, lch. 1.
[3] IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.
[4] IO L 156, 5.5.2021, lch. 1.
[5] IO L 156, 5.5.2021, lch. 21.

– ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don teachtaireacht dar teideal *Commission Work Programme 2021 – A Union of vitality in a world of fragility* [Clár oibre an Choimisiún do 2021: Aontas beogachta i ndomhan leochaileachta] (COM(2020)0690),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *On the European democracy action plan* [Maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach] (COM(2020)0790),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] (COM(2020)152),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 dar teideal *2020 Rule of Law Report – The rule of law situation in the European Union* [Tuarascáil 2020 ar an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach] (COM(2020)0580), agus do na 27 gcaibidil tíre a ghabhann léi maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit (SWD(2020)0300-0326),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2020 dar teideal *Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [Aontas Comhionannais: Straitéis Comhionannais LADTIA 2020-2025] (COM(2020)0698),

– ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas Eorpach a áirithiú (C/2021/6650),

– ag féachaint don obair leantach ón gCoimisiún Eorpach ar an rún neamhreachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Bealtaine 2018 maidir le hiolrachas na meán agus saoirse na meán san Aontas Eorpach,

– ag féachaint don tuarascáil ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha dar teideal *Challenges facing civil society organisations working on human rights in the EU* [Dúshláin os comhair eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair ar chearta an duine in AE], a foilsíodh an 17 Eanáir 2018, do na feasacháin ar na himpleachtaí do chearta bunúsacha a bhaineann le paindéim an chóróinvíris in AE a foilsíodh in 2020, agus do thuarascálacha, sonraí agus uirlisí eile na Gníomhaireachta, go háirithe Córas Faisnéise an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (EFRIS),

– ag féachaint do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, agus go háirithe Airteagal 19 de,

– ag féachaint d’ionstraimí eile de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le cosaint chearta an duine agus le cosaint do chearta bunúsacha agus ag féachaint do na moltaí agus na tuarascálacha atá in Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe, chomh maith le cásdlí Chomhlachtaí Conartha na Náisiún Aontaithe agus nósanna imeachta speisialta na Comhairle um Chearta an Duine,

– ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine

an 8 Márta 1999,

– ag féachaint don tuarascáil ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an gceart chun saoirse comhthionóil shíochánta agus chun saoirse comhlachais maidir le cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí (SLAPPanna) agus cearta saoirse comhthionóil agus comhlachais (cearta FoAA),

– ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, do Chairt Shóisialta na hEorpa, do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, don Coiste Eorpach ar Chearta Sóisialta, agus do na coinbhinsiúin, na moltaí, na rúin, na tuairimí agus na tuarascálacha ón Tionól Parlaiminteach i gComhairle na hEorpa, ó Choiste na nAirí, ón gCoimisinéir um Chearta an Duine, ón gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe, ón nGrúpa Stiúrtha ar Fhrith-Idirdhealú, Éagsúlacht agus Cuimsiú, ó Choimisiún na Veinéise agus ó chomhlachtaí eile i gComhairle na hEorpa,

– ag féachaint don dearbhú ó Chomhairle na hEorpa an 4 Iúil 2012 maidir le hInmhianaitheacht na gCaighdeán Idirnáisiúnta lena ndéileáiltear le Siopadóireacht Dlínse i leith Clúmhilleadh, 'Turasóireacht Leabhail', chun an tSaoirse chun Tuairimí a Nochtadh a áirithiú,

– ag féachaint do Mholadh ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa chuig na Ballstáit an 13 Aibreán 2016 maidir le cosaint na hiriseoireachta agus sábháilteacht gníomhaithe eile sna meáin (CM/Rec(2016)[1]),

– ag féachaint don mholadh ó Chomhairle na hEorpa an 28 Samhain 2018 maidir leis an ngá le cosaint agus cur chun cinn spás na sochaí sibhialta san Eoraip a neartú (CM/Rec(2018)11),

– ag féachaint don mholadh ó Chomhairle na hEorpa do na Ballstáit an 7 Márta 2018 maidir le hiolrachas na meán agus trédhearcacht úinéireacht na meán (CM/Rec(2018)1),

– ag féachaint do rún ó Chomhdháil Aireachta Chomhairle na hEorpa an 11 Meitheamh 2021 maidir le sábháilteacht iriseoirí,

– ag féachaint don alt le Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine dar teideal *Human Rights Comment: Time to take action against SLAPPs* [Tuairim faoi Chearta an Duine: Tá sé in am gníomhú in aghaidh SLAPPanna] a foilsíodh an 27 Deireadh Fómhair 2020,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil 2021 ó na heagraíochtaí comhpháirtíochta chuig Ardán Chomhairle na hEorpa chun Cosaint na hIriseoireachta agus Sábháilteacht Iriseoirí a Chur Chun Cinn,

– ag féachaint do mholtaí agus do thuarascálacha na hOifige um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, ón Ionadaí maidir le Saoirse na Meán agus ó chomhlachtaí eile de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (OSCE),

– ag féachaint do staidéar ón líonra EU-CITZEN an 29 Bealtaine 2020 dar teideal *SLAPP*

*in the EU context* [SLAPP i gcomhthéacs AE][6],

– ag féachaint don éileamh atá déanta ag comhghuaillíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha go ndéanfaí treoir frith-SLAPP a thabhairt isteach[7],

– ag féachaint don staidéar dar teideal *The Use of SLAPPs to Silence Journalists, NGOs and Civil Society* [Úsáid SLAPPanna chun Iriseoirí, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus an tSochaí Shibhialta a chur ina dtost] a foilsíodh i mí an Mheithimh 2021 agus a choimisiúnaigh Roinn Beartais Pharlaimint na hEorpa ar iarraidh ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

– ag féachaint dá ghearrchuntas faisnéise dar teideal *European added value of an EU mechanism on democracy, rule of law and fundamental rights – Preliminary Assessment* [An Breisluach Eorpach ó shásra de chuid an Aontais um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha – Réamh-mheasúnú] an 23 Aibreán 2020,

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Bealtaine 2013 maidir le Cairt an Aontais Eorpaigh: socruithe caighdeánacha i ndáil le saoirse na meán ar fud an Aontais[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Deireadh Fómhair 2016 maille le moltaí don Choimisiún maidir le sásra de chuid an Aontais um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Aibreán 2018 maidir leis an ngá atá le hIonstraim Luachanna Eorpacha a bhunú chun tacú le heagraíochtaí sochaí sibhialta a chuireann luachanna bunúsacha chun cinn laistigh den Aontas Eorpach ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Aibreán 2018 maidir le hiriseoirí iniúchta san Eoraip a chosaint: cás an iriseora Ján Kuciak agus Martina Kušnírová ón tSlóvaic[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 3 Bealtaine 2018 maidir le hiolrachas sna meáin agus saoirse na meán san Aontas Eorpach[12],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Samhain 2018 maidir leis an ngá atá le sásra cuimsitheach de chuid an Aontais a bheith ann chun an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a chosaint[13],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Feabhra 2019 maidir le frithfhreagairt i gcoinne chearta na mban agus an chomhionannais inscne in AE[14],

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Márta 2019 maidir le staid an smachta reachta agus an

[6] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/ad-hoc-literature-review-analysis-key-elements-slapp_en.pdf
[7] https://rsf.org/en/news/rsf-and-60-other-organisations-call-eu-anti-slapp-directive
[8] IO C 55, 12.2.2016, lch. 33.
[9] IO C 215, 19.6.2018, lch. 162.
[10] IO C 390, 18.11.2019, lch. 117.
[11] IO C 390, 18.11.2019, lch. 111.
[12] IO C 41, 6.2.2020, lch. 64.
[13] IO C 363, 28.10.2020, lch. 45.
[14] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0111.

comhrac i gcoinne an éillithe san Aontas Eorpach, go sonrach i Málta agus sa tSlóvaic[15],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Nollaig 2019 maidir leis an Smacht Reachta i Málta tar éis an mhéid a tháinig chun solais le déanaí i dtaobh dhúnmharú Daphne Caruana Galizia[16],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2020 maidir le tuarascáil bhliantúil 2018 maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair[17],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2020 ar Shásra de chuid an Aontais um an Daonlathas, um an Smacht Reachta agus um Chearta Bunúsacha a bhunú[18],

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Samhain 2020 maidir le Saoirse na Meán a Neartú: Cosaint Iriseoirí san Eoraip, an Fhuathchaint, an Bhréagaisnéis agus Ról na nArdán[19],

– ag féachaint do rún uaithi an 26 Samhain 2020 maidir le staid na gCeart Bunúsach san Aontas Eorpach sa bhliain – Tuarascáil Bhliantúil do na blianta 2018-2019[20],

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Nollaig 2020 maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, don Chomhaontú Idirinstitiúideach, d'Ionstraim AE um Théarnamh agus don Rialachán maidir leis an Smacht Reachta[21],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Márta 2021 inar dearbhaíodh gur Limistéar Saoirse do LADTIA atá san Aontas Eorpach[22],

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Márta 2021 maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, Sásra Coinníollachta an smachta reachta[23],

– ag féachaint do rún uaithi an 29 Aibreán 2021 maidir le feallmharú Daphne Caruana Galizia agus maidir leis an smacht reachta i Málta[24],

– ag féachaint do rún an 19 Bealtaine uaithi maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide ar chearta an duine agus maidir le ról chosantóirí chearta an duine san ábhar[25],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile faoi Riail 58 de na Rialacha

[15] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0328.
[16] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0103.
[17] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0007.
[18] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0251.
[19] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0320.
[20] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0328.
[21] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0360.
[22] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0089.
[23] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0103.
[24] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0148.
[25] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0245.

Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0292/2021),

A. de bhrí go bhfuil na cearta chun saoirse tuairimí a nochtadh, chun faisnéise agus chun rannpháirtíochta poiblí, i measc bhunchlocha an daonlathais; de bhrí go bhfuil an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh fíor-riachtanach chun prionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta a bhaint amach; de bhrí gur féidir le rannpháirtíocht phoiblí duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá ag gabháil d'ábhar a bhaineann le leas an phobail a bheith i bhfoirmeacha éagsúla; de bhrí gur féidir a áireamh sa rannpháirtíocht phoiblí sin feidhmiú an ghrinnscrúdaithe phoiblí agus scaipeadh faisnéise poiblí ar líne agus as líne, amhail cumarsáid, foilseacháin nó saothair iriseoireachta, lena n-áirítear ábhar eagarthóireachta, cumarsáid, foilseacháin nó saothair de chineál polaitiúil, eolaíoch, acadúil, ealaíonta, tráchtaireacht nó ábhar aorach, lena n-áirítear nuair is daoine atá faoi réir iniúchadh poiblí, i measc daoine eile, iad na daoine lena mbaineann, i gcomhthéacs leasanna níos leithne i bplé oscailte ar shaincheisteanna polaitiúla; de bhrí go bhfuil leibhéal níos airde cosanta ag foilseacháin a chuireann leis na díospóireachtaí ar ábhair a bhaineann le leas an phobail nó ar díol spéise ginearálta iad; de bhrí go bhfuil na teorainneacha a bhaineann leis an méid cáinte atá inghlactha níos leithne i gcás pearsana poiblí, go háirithe polaiteoirí agus oifigigh stáit;

B. de bhrí gur príomhcholúin de chuid an daonlathais atá san iriseoireacht neamhspleách, neamhchlaonta, ghairmiúil agus fhreagrach mar aon leis an rochtain ar fhaisnéis iolraíoch; de bhrí go bhfuil an fhaisnéis, na tuarascálacha, na tuairimí, na héilimh, na hargóintí agus ráitis eile ón tsochaí shibhialta ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar aon daonlathas; de bhrí gur údar imní atá ag dul i méid atá sa chúngú atá á dhéanamh ar an spás don tsochaí shibhialta i dtíortha áirithe agus go bhféadfadh drochthionchar a bheith aige sin ar an daonlathas; de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag an iriseoireacht neamhspleách atá ar ardchaighdeán agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta mar chaomhnóirí an daonlathais agus an smachta reachta trí lucht na cumhachta a thabhairt chun cuntais agus an bhréagaisnéis agus an mhífhaisnéis a chomhrac mar aon le cur isteach agus cúbláil pholaitiúil ón iasacht;

C. de bhrí go bhfuil iriseoirí agus gníomhaithe sna meáin san Eoraip agus thar lear á mbagairt, á n-ionsaí go fisiciúil agus á bhfeallmharú níos minice agus níos minice le blianta beaga anuas mar gheall ar a gcuid oibre, go háirithe nuair a bhíonn an obair sin dírithe ar mhí-úsáid na cumhachta, ar an éilliú, ar sháruithe ar chearta bunúsacha agus ar ghníomhaíochtaí coiriúla; á chur i bhfáth, chun go ndéanfar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a fheidhmiú go héifeachtach, go bhfuil gá le réimse beart dearfach ar mhaithe le hiriseoirí a chosaint, lena n-áirítear ar mhaithe lena mbeatha a chosaint agus feallmharuithe a fhiosrú, agus a gcuid foinsí a chosaint go héifeachtach; ag tabhairt dá haire nach bagairtí foréigneacha amháin iad na bagairtí sin agus go n-eascraíonn an t-imeaglú a dhéantar ar iriseoirí ó bhrú dlíthiúil, polaitiúil, soch-chultúrtha agus eacnamaíoch freisin;

D. de bhrí gur ceart bunúsach é an ceart chun saoirse cainte agus nach mór é a fheidhmiú le

teann dualgais agus freagrachta, agus an ceart bunúsach atá ag daoine faisnéis neamhchlaonta a fháil á chur san áireamh mar aon leis an urraim a thugtar don cheart bunúsach atá ag an duine go gcosnófaí a chlú[26] agus a chuid príobháideachais; de bhrí, i gcásanna coinbhleachta idir na cearta sin, nach mór go mbeadh rochtain ag gach páirtí ar na cúirteanna mura rud é gur réitíodh an cás go cairdiúil;

E. de bhrí gurb éard atá i gCásanna Dlí Straitéiseacha i gcoinne Rannpháirtíocht Phoiblí (SLAPPanna) ná cásanna dlí nó caingne dlí eile (e.g. urghairí, reo sócmhainní) a thógann daoine aonair agus eintitis phríobháideacha, mar aon le hoifigigh phoiblí, comhlachtaí poiblí agus eintitis atá faoi rialú poiblí, atá dírithe ar cheann amháin nó níos mó de dhaoine aonair nó grúpaí, trí úsáid a bhaint as réimse bunús dlí sa dlí sibhialta agus coiriúil den chuid is mó, chomh maith le bagairtí go ndéanfaí gníomhaíochtaí den sórt sin, d’fhonn cosc a chur ar fhiosrú agus tuairisciú ar sháruithe ar dhlí an Aontais agus ar an dlí náisiúnta, ar éilliú nó ar chleachtais mhí-úsáideacha eile nó bac a chur ar rannpháirtíocht an phobail nó baint di ar bhealach eile; de bhrí go bhfuil tionchar díreach agus díobhálach aige sin ar an rannpháirtíocht dhaonlathach, ar an teacht aniar atá sa tsochaí agus ar an idirphlé, agus nach bhfuil sé ag teacht leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 de CAE;

F. de bhrí go gcuimsíonn an rannpháirtíocht phoiblí, *inter alia*, imscrúdú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le leas an phobail, labhairt amach fúthu, tuairisciú a dhéanamh orthu nó iad a nochtadh ar bhealach eile, go háirithe i dtaca le cleachtais a chuireann cearta agus saoirsí bunúsacha, an daonlathas, an smacht reachta nó an dea-rialachas i mbaol, agus a bheith i mbun abhcóideachta trí shaoirsí sibhialta amhail an tsaoirse comhlachais, an tsaoirse comhthionóil shíochánta, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoráil faisnéise a fheidhmiú;

G. de bhrí go gcuirtear an dlí go minic ar íospartaigh SLAPPanna as tuairimí cáinteacha a chur in iúl faoi iompraíocht daoine aonair agus eintiteas príobháideach, mar aon le hiompraíocht oifigeach poiblí, comhlachtaí poiblí agus eintiteas atá faoi rialú poiblí, nó as cáineadh a dhéanamh ar an éagóir atá déanta acu, trína gcuid tuairimí a chur in iúl ar líne nó as líne, nó mar fhrithbheart as a gcuid rannpháirtíochta i bhfeachtais, cásanna cúirte, caingne dlí nó agóidí; de bhrí gur saintréithe coitianta de chuid SLAPPanna iad éilimh nach bhfuil aon bhunús dlí leo, éilimh ar léir go bhfuil siad gan bhunús agus éilimh a léiríonn éagothroime cumhachta agus go bhfuil mí-úsáid á baint ag an ngearánaí as cearta nó as an bpróiseas dlí agus éilimh iomarcacha á ndéanamh aige in ábhair ina bhfuil ceart atá faoi chosaint dlí á fheidhmiú ag an gcosantóir, agus úsáid á baint ag an ngearánaí as an bpróiseas breithiúnach dá bhrí sin chun críoch eile seachas ceart a bheith á fheidhmiú aige i ndáiríre;

H. de bhrí, dar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, an lucht acadúil, cleachtóirí dlí agus íospartaigh a bhíonn ag obair ar an ábhar seo, go bhfuil SLAPPanna ag éirí níos sofaisticiúla agus níos éifeachtaí, agus gurb é ceann de na teicnící a úsáidtear ná go dtógtar cásanna dlí iomadúla i gcoinne an duine chéanna ar an ábhar céanna, rud a fhágann go gcaithfidh an duine céanna iad go léir a chosaint agus déileáil leo ag an am céanna, rud a mhéadaíonn na costais go díréireach; de bhrí gur minic a bhíonn SLAPPanna bunaithe ar éilimh a bhaineann le clúmhilleadh nó leabhal, ar cionta

[26] Airteagal 10 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.

coiriúla iad go fóill i bhformhór na mBallstát, agus go mbíonn ar íospartaigh SLAPPanna dul i ngleic le cúisimh choiriúla fad is atá an dlí á chur orthu as dliteanas sibhialta atá is ainm a bheith ag teacht as an iompraíocht chéanna; de bhrí gur minic a sháraíonn SLAPPanna ceart na n-íospartach chun cosanta a aithnítear sa Chairt, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a gceart chun trialach córa agus ar thoimhde na neamhchiontachta freisin;

I. de bhrí nach féidir SLAPPanna a shainaithint go tapa agus nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach cheal cur chuige comhsheasmhach agus cuimsitheach dlí agus breithiúnach laistigh den Aontas; de bhrí nach mar a chéile leibhéal na cosanta ar chásanna dlí SLAPP ar fud na mBallstát go fóill, rud a chuireann bac ar an deimhneacht dhlíthiúil agus ar cheart na n-íospartach SLAPP chun leighis éifeachtaigh; de bhrí gurb é ceann de na príomhdhúshláin a bhaineann le reachtaíocht in aghaidh SLAPPanna a dhréachtú ná conas aghaidh a thabhairt ar éilimh mhí-úsáideacha, gan dochar a dhéanamh do chearta éilitheoirí a eascraíonn as bunreachtanna na mBallstát ná dá gcuid oibleagáidí faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;

J. de bhrí gur léir ón bhfianaise atá ann gur cleachtas forleathan anois iad SLAPPanna, mar a léiríodh in go leor cásanna ar fud an Aontais, amhail cás scáfar an iriseora iniúchta Daphne Caruana Galizia, a raibh, de réir tuairiscí, 47 gcás dlí clúmhillte shibhialta agus choiriúla roimpi (agus a cuid sócmhainní reoite dá bharr sin) ar fud dlínsí éagsúla an lá a feallmharaíodh í an 16 Deireadh Fómhair 2017 – feallmharú a cáineadh go láidir – agus na cásanna dlí atá roimh a hoidhrí go fóill; de bhrí go n-áirítear ar chásanna léiritheacha agus scanrúla eile i gcoinne na meán agus iriseoirí neamhspleácha Realtid Media, a raibh cás dlí ag bagairt air arís agus arís eile i ndlínse eile seachas an áit ar tharla an tuairisciú a bhí i gceist, agus Gazeta Wyborcza, a bhfuil roinnt eintitis phoiblí agus oifigigh phoiblí á agairt go fóill ar bhonn rialta;

K. de bhrí gur minic a bhaineann údaráis phoiblí nó a gcuid ionadaithe, amhail eagraíochtaí de chuid na meán atá státmhaoinithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha státmhaoinithe nó cuideachtaí atá faoi úinéireacht stáit, úsáid as SLAPPanna;

L. de bhrí gur féidir leas a bhaint as SLAPPanna chun iolrachas na meán a laghdú ar an leibhéal córasach trí éifeacht athchomhairleach a fheidhmiú ar na meáin neamhspleácha; de bhrí go ndéantar SLAPPanna a thionscnamh d'aon ghnó d'fhonn cur le costas na dlíthíochta, fad a bhaint aisti agus í a dhéanamh níos casta do na cosantóirí, lena n-áirítear trí imeaglú a dhéanamh ar na spriocghrúpaí agus trína gcuid acmhainní airgeadais agus síceolaíocha a ídiú; de bhrí go mbíonn drochthionchar ag SLAPPanna ní hamháin ar na híospartaigh, ach ar a dteaghlach agus ar an rannpháirtíocht phoiblí ar bhonn níos leithne freisin;

M. de bhrí go gcumhdaíonn an tagairt d'íospartaigh agus spriocghrúpaí SLAPP iriseoirí, foilsitheoirí agus eagraíochtaí sna meáin, an lucht acadúil, eagraíochtaí neamhrialtasacha, an tsochaí shibhialta agus gníomhaithe eile a bhíonn i mbun rannpháirtíocht phoiblí, amhail iad siúd a bhíonn ag obair ar son chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil;

N. de bhrí gur de chineál trasteorann go minic iad SLAPPanna laistigh den Aontas, arb é an

toradh a bhíonn orthu ná moilleanna ar thuairisciú nó faisnéis neamhiomlán mar a léirítear ina lán cásanna, a bhaineann go minic le cearta an duine agus cosaint an chomhshaoil, calaois airgeadais agus/nó éilliú, agus iad ina n-iarracht shoiléir moill a chur ar fhoilsiú faisnéise trí stop a chur le hobair iriseoirí aonair agus eintiteas foilsitheoireachta nó trí mhíchlú a tharraingt ar obair na n-iriseoirí nó na n-eintiteas sin, agus an ceart chun faisnéise á cheilt ar na saoránaigh agus tionchar á imirt ar iolrachas na meán dá chionn; de bhrí go bhféadfadh gníomhaithe i dtríú tíortha SLAPPanna agus bagairtí SLAPPanna a thionscnamh in aghaidh forais faire laistigh den Aontas agus go bhféadfaí SLAPPanna agus bagairtí SLAPPanna a thabhairt os comhair cúirteanna i dtríú tíortha;

O. de bhrí go mbaintear úsáid níos mó agus níos mó as cásanna náisiúnta SLAPP laistigh de na Ballstáit d'fhonn srian a chur le saoirse cainte agus leis an gceart chun faisnéise, rud a fhágann go mbíonn éifeacht athchomhairleach ann in aghaidh íospartaigh SLAPPanna trí bheith ag brath ar a gcuid spriocghrúpaí a chloí go síceolaíoch agus a gcuid acmhainní airgeadais a ídiú chun iallach a chur orthu ábhair a bhaineann le leas an phobail a nochtadh;

P. de bhrí go gcuireann an easpa reachtaíochta dírí sna Ballstáit maidir le SLAPPanna i dteannta forálacha náisiúnta débhríocha agus leathana maidir le clúmhilleadh sa chomhthéacs sin, mar aon le pionóis ghéara, lena n-áirítear pionóis de chineál coiriúil, go mór leis an méadú ar líon na gcásanna mí-úsáideacha sin agus le himeaglú a gcuid spriocghrúpaí ina dhiaidh sin;

Q. de bhrí gur saincheist an-tromchúiseach é coirpigh a dhéanamh d'iriseoirí de bharr a gcuid oibre; de bhrí gur coir é an clúmhilleadh go fóill de réir na reachtaíochta in 23 Bhallstát, in ainneoin na n-iarrataí arís is arís eile ó na Náisiúin Aontaithe, ó Chomhairle na hEorpa agus ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha mór le rá amhail Index on Censorship, Institiúid Idirnáisiúnta an Phreasa agus an Coiste d'Iriseoirí Cosanta, i measc eagraíochtaí eile;

R. de bhrí gur beart comhlántach atá ag teastáil iad bearta reachtaíochta boige a ghabhann le togra reachtach agus leis an athbhreithniú ar dhlíthe idirnáisiúnta príobháideacha áirithe atá i bhfeidhm faoi láthair, ach nach dtugtar cosaint iomlán bhreithiúnach leo ina n-aonar;

S. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go n-ardófaí feasacht ar SLAPPanna chun feasacht ar an tsaincheist sin a mhúscailt i measc an phobail agus na ngairmithe dlí araon, go háirithe i measc breithiúna agus dlíodóirí;

T. de bhrí, i gcás ina n-eisíonn oifigigh phoiblí, comhlachtaí poiblí nó eintitis atá faoi rialú poiblí, amhail cuideachtaí atá faoi úinéireacht stáit, cásanna dlí SLAPP, gur féidir leas a bhaint as an cásanna dlí sin chun cumhacht pholaitiúil a fheidhmiú agus go bhféadfadh an damáiste a dhéantar d'íospartaigh SLAPPanna a bheith níos mó fós;

***Tionchair ar chearta bunúsacha agus ar an smacht reachta***

1. á thabhairt chun suntais gur ionsaí cráiteach agus díreach ar fheidhmiú na gceart agus saoirsí bunúsacha iad SLAPPanna, agus go bhfuil sé mar aidhm leo éagsúlacht na

smaointeoireachta criticiúla poiblí agus na dtuairimí poiblí criticiúla a chur ina dtost, lena n-áirítear trí fhéinchinsireacht iriseoireachta; á chur i bhfios go láidir go bhfuil baint ag cearta bunúsacha agus ag an daonlathas le seasamh leis an smacht reachta, agus gurb ionann an bonn a bheith á bhaint ó shaoirse na meán agus ón rannpháirtíocht dhaonlathach phoiblí, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse comhthionóil agus comhlachais, agus bagairt ar luachanna an Aontais, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE iad; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cúis bhuartha ar leith iad SLAPPanna má dhéantar iad a chistiú go díreach nó go hindíreach ó bhuiséid stáit agus má chuirtear in éineacht le bearta indíreacha agus díreacha eile iad in aghaidh eagraíochtaí neamhspleácha de chuid na meán, na hiriseoireachta neamhspleáiche agus na sochaí sibhialta; á chur in iúl gur geal léi, i dtuarascáil 2020 maidir leis an smacht reachta ón gCoimisiún go n-áirítear cásanna dlí SLAPP sa mheasúnú a dhéantar inti ar shaoirse agus iolrachas na meán ar fud an Aontais, agus go sonraítear bearta nithiúla agus dea-chleachtais sa tuarascáil sin chun iad a chomhrac; á iarraidh go n-áireofaí measúnú críochnúil ar an timpeallacht dhlíthiúil do na meáin agus don iriseoireacht iniúchta go háirithe sna tuarascálacha bliantúla sa todhchaí, agus go bhféachfar níos grinne ar na dúshláin a théann i bhfeidhm ar iriseoirí agus ar an tsochaí shibhialta agus ar an éifeacht athchomhairleach is féidir a bheith ag SLAPPanna ar na gníomhaithe sin; á thabhairt chun suntais gur bagairt iad cásanna dlí SLAPP do na meáin shaora agus iolraíocha; á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí tírshonracha a eisiúint freisin agus a ndul chun cinn a mheas, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna a bhaineann le staid shaoirse na meán laistigh de na Ballstáit;

2. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an cúngú atá á dhéanamh ar an spás d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an bhagairt ar iriseoirí a bhíonn ag tuairisciú faoi ábhair thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail agus a bhíonn cáinteach ar dhaoine cumhachtacha sa tsochaí, agus an méadú atá ag teacht ar úsáid SLAPPanna mar bhealach chun íospartaigh SLAPPanna a chur ina dtost agus imeaglú a dhéanamh orthu; ag moladh do na Ballstáit an litearthacht sna meáin agus an smaointeoireacht chriticiúil a áireamh sna curaclaim náisiúnta agus oibriú i ndlúthchomhar le hiriseoirí i dtaca leis sin ar gach leibhéal den tsochaí, go háirithe le daoine óga agus leo siúd atá i mbaol mífhaisnéise, bréagaisnéise agus ionramhála; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh isteach gníomhaíochtaí nua chun feabhas a chur ar shaoirse na meán, ar an iriseoireacht atá ar ardchaighdeán agus ar an litearthacht sna meáin faoi shnáithe trasearnála an chláir Eoraip na Cruthaitheachta;

3. á mheabhrú, maidir leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú na gceart chun tuairimí a nochtadh, chun saoirse comhthionóil shíochánta agus chun comhlachais, go n-áirítear leis an oibleagáid sin an dualgas ó thaobh timpeallacht fhabhrach a bhunú agus a chaomhnú le haghaidh rannpháirtíocht phoiblí agus forais faire phoiblí; á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh na gníomhaithe uile a bhíonn i mbun rannpháirtíocht phoiblí in ann oibriú gan bac ná eagla a bheith orthu go bhféadfaí aon bhagairtí, imeaglú nó foréigean a dhéanamh orthu; á thabhairt chun suntais nach mór do na Ballstáit an ceart atá ag iriseoirí a gcuid foinsí a chosaint a ráthú freisin;

*Tionchair ar an margadh inmheánach*

4. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ról tábhachtach ag an rannpháirtíocht phoiblí i bhfeidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus i bhforfheidhmiú reachtaíocht agus bheartais an Aontais, mar is minic gur trí rannpháirtíocht phoiblí a chuirtear sáruithe ar dhlí an Aontais, lena n-áirítear sáruithe ar chearta bunúsacha, éilliú agus cleachtais mhí-úsáideacha eile lena gcuirtear feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh i mbaol, i bhfios don phobal; á chur i bhfios go láidir go bhfuil bearta cosanta i gcoinne SLAPPanna ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leis an gcleachtas mí-úsáideach sin d'fhorfheidhmiú dhlí agus bheartais AE;

5. á thabhairt chun suntais go bhfuil drochthionchar ag an úsáid a bhaintear as SLAPPanna ar shaoirsí an mhargaidh inmheánaigh a bheith á dteachtadh ag daoine aonair agus ag eagraíochtaí a bhíonn i mbun rannpháirtíocht phoiblí agus atá i mbaol imeachtaí ina n-aghaidh, toisc go bhféadfadh an easpa cosanta céanna i gcoinne na gcásanna dlí sin sna Ballstáit a bheith ina ndíspreagadh dóibh oibriú go muiníneach ar fud an Aontais; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, nach bhfuil cásanna SLAPPanna, nó an bhagairt a bhaineann le SLAPPanna, ag teacht le teachtadh éifeachtach na gceart chun saoirse bunaíochta agus saorghluaiseachta seirbhísí, mar go mbíonn éifeacht athchomhairleach acu go háirithe ar iriseoirí, a d'fhéadfadh féinchinsireacht a dhéanamh in ionad tuairisciú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le leas an phobail i mBallstáit eile toisc go bhfuil an baol ann go mbeadh orthu aghaidh a thabhairt ar SLAPPanna ina dhiaidh sin i gcórais eile dlí nach bhfuil cur amach acu orthu;

6. ag tarraingt aird ar an bhfíoras go mbíonn iolrachas agus éagsúlacht na meán i mbaol i gcás ina mbíonn soláthraithe beaga sna meáin i mbaol de dheasca na bagartha d'aon ghnó a bhaineann le damáistí díréireacha a dhéanann éilitheoirí tríd an turasóireacht leabhail;

7. á mheas, ina leith sin, trí rannchuidiú le forfheidhmiú dhlí an Aontais agus trí fheidhmiú éifeachtach na gcóras náisiúnta ceartais agus spás coiteann an chomhair bhreithiúnaigh a chaomhnú, go gcuirfeadh cosaint ar chásanna dlí SLAPPanna go mór le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh;

***Tionchair ar chórais cheartais***

8. á chur i bhfios nach amháin go mbaineann SLAPPanna an bonn go mór ón gceart chun rochtana éifeachtaí ar cheartas d'íospartaigh SLAPP, agus dá bhrí sin ón smacht reachta, ach gur mí-úsáid iad freisin ar chórais cheartais agus creataí dlí na mBallstát, go háirithe trí bhac a chur ar chumas na mBallstát aghaidh a thabhairt go rathúil ar dhúshláin choiteanna leanúnacha a leagtar amach sa Scórchlár Ceartais, amhail fad na n-imeachtaí agus cáilíocht na gcóras ceartais, mar aon le riar na gcásanna agus riaráistí na gcásanna; á mheabhrú go dtugann córas ceartais neamhspleách atá ag feidhmiú go cuí breithiúnais gan aon mhoill mhíchuí, agus go mbainistíonn sé na hacmhainní breithiúnacha chun an éifeachtúlacht a uasmhéadú, agus nach féidir é sin a dhéanamh ach amháin i gcás ina gcuireann breithiúna agus comhlachtaí breithiúnacha a gcuid dualgas i gcrích le neamhspleáchas iomlán agus ar bhealach neamhchlaonta, agus nach gcuirtear d'ualach orthu láimhseáil a dhéanamh ar éilimh gan bhunús a ndiúltaítear dóibh ina dhiaidh sin toisc gur mí-úsáid iad agus nach bhfuil fiúntas dlí ag baint leo; á mheas go bhféadfadh díbhe luath cáis dlí SLAPPanna a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla, amhail líon

agus cineál na gcásanna dlí nó na gcaingne a thionscnaíonn an t-éilitheoir, an rogha dlínse agus an dlí is infheidhme maidir leis an gcás, nó éagothroime shoiléir throm cumhachta a bheith ann idir an t-éilitheoir agus an cosantóir; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, go gcuireann SLAPPanna isteach go mór ar rochtain éifeachtach ar an gceartas, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ón gceart chun trialach córa;

9. á chur i bhfáth go bhfuil neamhspleáchas na mbreithiúna ina dhlúthchuid den chinnteoireacht bhreithiúnach agus gur ceanglas é a eascraíonn as prionsabal na cosanta dlí éifeachtaí a chumhdaítear in Airteagal 19 de CAE; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na hiarrachtaí atá déanta ag roinnt Ballstát deighilt na gcumhachtaí agus neamhspleáchas na mbreithiúna a lagú, mar aon le leas a bheith á bhaint as SLAPPanna chun daoine cáinteacha a chur ina dtost;

10. á chur i bhfáth go bhfuil neamhspleáchas, cáilíocht agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais náisiúnta ríthábhachtach chun ceartas éifeachtach a bhaint amach; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh mórthionchar a bheith ag infhaighteacht an chúnaimh dhlíthiúil agus leibhéal na dtáillí cúirte ar rochtain ar an gceartas; á chur i bhfáth go bhfuil an luach dlíthiúil céanna ag an gCairt agus atá ag na Conarthaí; ag tabhairt dá haire, i gcomhréir leis an treoir ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nach gcuireann údaráis bhreithiúnacha na mBallstát an Chairt i bhfeidhm ach amháin nuair a bhíonn gníomhartha dlí an Aontais á gcur chun feidhme acu, ach go bhfuil sé tábhachtach, áfach, go gcuirfí na cearta mar a chumhdaítear sa Chairt iad san áireamh i gcónaí chun cultúr coiteann dlíthiúil, breithiúnach agus smachta reachta a chothú;

### *Fuathchaint*

11. á thabhairt chun suntais go bhfuil an fhuathchaint agus an t-idirdhealú sna meáin, ar líne agus as líne araon, mar aon leis an gcibearfhoréigean, tar éis éirí níos coitianta i gcoinne iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, an lucht acadúil, cosantóirí ceart agus ghníomhaithe eile na sochaí sibhialta, lena n-áirítear iad siúd a chosnaíonn cearta LADTIA, saincheisteanna comhionannais inscne, reiligiún nó creideamh, rud a chuireann saoirse na meán, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoire comhthionóil, agus an tsábháilteacht phoiblí i mbaol; á mheabhrú gur féidir leis an bhfuathchaint ar líne foréigean as líne a spreagadh; a mheabhrú a riachtanaí atá sé cód iompair an Choimisiúin maidir le cur i gcoinne na fuathchainte neamhdhleathaí ar líne a chur chun cinn; ag cur béim ar an bhfíoras go mbíonn iriseoirí ar mná iad faoin mbrú céanna lena gcomhghleacaithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le hábhar ach gur minice gur íospartaigh foréigin agus ciaptha ghnéasaigh iad;

12. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá comhchaighdeáin Eorpacha agus cur chuige comhordaithe chun déileáil leis an bhfuathchaint, go háirithe sa timpeallacht ar líne;

### *An staid mar atá faoi láthair san Aontas*

13. á chur i bhfáth gur minic le SLAPPanna a bheith gan fiúntas, suaibhreosach nó bunaithe ar éilimh áibhéalacha, ar éilimh mhí-úsáideacha iad go minic, agus nach dtionscnaítear iad chun toradh breithiúnach fabhrach a fháil ach chun imeaglú nó ciapadh a dhéanamh orthu siúd a bhfuil siad ag díriú orthu, tuirse nó brú síceolaíoch a chur orthu, míchlú a

tharraingt orthu, nó a gcuid acmhainní a ídiú, agus é mar chuspóir deiridh acu dúmhál a dhéanamh orthu agus iad a chur ina dtost dá mbuíochas tríd an nós imeachta breithiúnach féin; á chur i bhfáth nach amháin go gcuireann SLAPPanna ualach airgeadais ar a gcuid spriocghrúpaí agus ar a ndaoine muinteartha ach go mbíonn drochthionchar síceolaíoch acu orthu freisin, agus gur measa é sin nuair a chuirtear san áireamh go bhféadfadh a ndaoine muinteartha na himeachtaí mí-úsáideacha sin a fháil le hoidhreacht freisin dá bhfaigheadh an duine nó na daoine atá i gceist bás; á chur i bhfios go mbíonn éifeacht mhór athchomhairleach ag SLAPPanna, rud as a dtagann féinchinsireacht, a chuireann rannpháirtíocht sa saol daonlathach faoi chois, agus a dhéanann daoine eile a dhíspreagadh freisin ó thuairisciú a dhéanamh ar shaincheisteanna comhchosúla, ó dhul isteach sna gairmeacha sin nó ó dhul i mbun gníomhaíochtaí gaolmhara ábhartha;

14. á chur i bhfios go mbaineann dlíthithe a théann i muinín SLAPPanna úsáid agus mí-úsáid den chuid is mó as dlíthe maidir le clúmhilleadh coiriúil agus cásanna dlí sibhialta maidir le leabhal, cosaint chlú an duine nó cearta maoine intleachtúla amhail cóipcheart; ag tabhairt dá haire, áfach, go mbaintear mí-úsáid freisin as ionstraimí éagsúla eile chun srian a chur le rannpháirtíocht phoiblí, amhail smachtbhannaí saothair (dífhostú), cúisimh choiriúla faoi chalaois chánach, nósanna imeachta iniúchta cánach agus rialacha cosanta sonraí;

15. á chur in iúl gur saoth léi go bhfuair iriseoirí bás díreach mar gheall go raibh a bpost á dhéanamh acu agus go raibh an daonlathas á chaomhnú acu;

16. á chur i bhfios go láidir gur gné choiteann de SLAPPanna é éagothroime cumhachta idir an t-éilitheoir agus an cosantóir, go háirithe ó thaobh acmhainní airgeadais de, agus go mbronntar damáistí móra nach féidir a thuar in ábhair amhail leabhal;

17. á chur i bhfáth, maidir leis an bhfadhb sin, go bhfuil na Ballstáit uile gann ar reachtaíocht maidir le coimircí íosta lena gcosnaítear daoine ar SLAPPanna agus lena n-áirithítear go seastar lena gcearta bunúsacha i ndlínsí uile na mBallstát; á chur i bhfios go láidir go bhfuil neamhspleáchas na mbreithiúna ríthábhachtach chun cosc a chur ar bhaill den rialtas, d’eintitis phoiblí agus d’údaráis phoiblí SLAPPanna a thionscnamh i gcoinne daoine agus eagraíochtaí atá rannpháirteach go dlisteanach sa díospóireacht phoiblí; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, go bhfuil gá le bearta nithiúla d’fhonn timpeallacht shábháilte a chruthú agus a chaomhnú d’iriseoirí agus d’oibrithe sna meáin; á iarraidh ar na Ballstáit iolrachas na meán a ráthú agus trédhearcacht i leith úinéireacht na meán a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit creat dlíthiúil uaillmhianach, láidir agus iomlán a fhorbairt sa Ghníomh um Shaoirse na Meán atá ar na bacáin; ag aithint go bhfuil athrú as cuimse tagtha ar thírdhreach na meán mar gheall ar an aistriú digiteach; á iarraidh ar na Ballstáit ar fad Treoir 2010/13/AE maidir le forálacha áirithe a chomhordú arna leagan síos le dlí, le rialachán nó le gníomh riaracháin sna Ballstáit a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a chur ar fáil (an Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc)[27], mar a athbhreithníodh in 2018 í sna forálacha ar fad atá inti, a chur chun feidhme go pras; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc (ERGA) agus ag moladh do chomhlachtaí rialála closamhairc sa mhargadh inmheánach oibriú i

[27] IO L 95, 15.4.2010, lch. 1.

gcomhar le chéile, agus le comhlachtaí rialála eile atá ábhartha do ghníomhaíochtaí nuachta ar líne;

18. ar an eolas nach bhfuil cúnamh airgeadais agus síceolaíoch á fháil faoi láthair ag íospartaigh SLAPPanna nó íospartaigh fhéideartha SLAPPanna ach ó chomhghleacaithe eile a raibh cásanna dlí comhchosúla rompu nó atá eolach ar chineál agus gnás na gcásanna dlí SLAPPanna, chun gur féidir an cás a seirbheáladh orthu a thuiscint agus cur ina choinne fiú b'fhéidir; á mheas mar sin féin, cé go bhfuil sí inmholta, nach leor an chabhair sin agus nach mór bearta breise a chur i bhfeidhm;

19. ag moladh na hoibre tábhachtaí agus úsáidí a dhéanann an tsochaí shibhialta ó thaobh feasacht a ardú ar éifeachtaí díobhálacha SLAPPanna, mar aon leis an tacaíocht a thugann sí d'íospartaigh agus spriocghrúpaí féideartha SLAPPanna;

20. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar earnáil na meán ina hiomláine, go háirithe mar gheall ar laghdú ioncaim agus dálaí oibre iriseoirí a bheith imithe in olcas, rud a d'fhéadfadh cur leis an seans go ndéanfaí SLAPP a thionscnamh ina gcoinne dá bharr; ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh rialtais ar fud an domhain leas a bhaint as géarchéim an choróinvíris mar leithscéal chun srianta diana a chur chun feidhme lena gcuirtear srian le saoirse cainte;

***SLAPPanna ar an leibhéal domhanda***

21. á chur in iúl gur oth léi nár achtaigh aon Bhallstát reachtaíocht spriocdhírithe go dtí seo chun cosaint a thabhairt in aghaidh SLAPPanna; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil an reachtaíocht in aghaidh SLAPPanna forbartha go maith i roinnt stát de Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gCeanada agus san Astráil; ag moladh don Choimisiún anailís a dhéanamh ar na dea-chleachtais in aghaidh SLAPPanna atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair lasmuigh den Aontas agus a d'fhéadfadh inspioráid luachmhar a thabhairt i ndáil le bearta reachtacha agus neamhreachtacha de chuid an Aontais maidir leis an ábhar; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cur chuige coiteann de chuid an Aontais bunaithe ar an reachtaíocht agus na dea-chleachtais is uaillmhianaí atá i bhfeidhm faoi láthair chun úsáid SLAPPanna san Aontas a dhíspreagadh;

***An gá atá le gníomhaíocht reachtach***

22. ag aontú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, an lucht acadúil, na dlíodóirí agus na híospartaigh iomadúla a thagraíonn don ghá atá le gníomhaíocht reachtach i gcoinne fhadhb na SLAPPanna atá ag dul i méid; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí na Rialacháin An Bhruiséil I agus An Róimh II a leasú go práinneach chun cosc a chur ar an 'turasóireacht leabhail' nó 'siopadóireacht dlínse' trína shuí gur cheart, i bprionsabal, gurb í an chúirt a bhfuil dlínse aici agus an dlí is infheidhme maidir le cásanna dlí coiriúla nó sibhialta a bhaineann le clúmhilleadh, damáiste do chlú agus cosaint chlú an duine aonair ná an áit a bhfuil gnáthchónaí ar an gcosantóir; á iarraidh freisin go ndéanfaí riail aonfhoirmeach agus intuartha maidir leis an dlí is infheidhme maidir le clúmhilleadh a thabhairt isteach; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh go práinneach le haghaidh reachtaíocht cheangailteach de chuid an Aontais maidir le coimircí comhchoiteanna agus éifeachtacha d'íospartaigh SLAPPanna ar fud an

Aontais, lena n-áirítear trí threoir lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cosaint ar SLAPPanna, lena n-urramaítear na cearta agus na prionsabail a chumhdaítear sa Chairt; ag áitiú go mbeidh SLAPPanna fós ina mbagairt ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha na saoirse chun tuairimí a nochtadh, na saoirse comhlachais, na saoirse comhthionóil shíochánta agus na saorála faisnéise san Aontas d'uireasa gníomhaíocht reachtach den sórt sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, más rud é nach dtugtar aghaidh i mbearta ach ar chásanna dlí a bhaineann le clúmhilleadh, go bhféadfar caingne maidir le hábhair shibhialta eile nó nósanna imeachta coiriúla a úsáid go fóill féin ar thionscnamh éilitheoirí atá bunaithe san Aontas nó lasmuigh de;

***Bunús dlí***

23. á dhearbhú go bhféadfaí bearta reachtacha ar leibhéal an Aontais a bhunú ar Airteagal 81 de CFAE (i ndáil le cásanna dlí sibhialta trasteorann) agus ar Airteagal 82 de CFAE (i ndáil le cásanna dlí coiriúla), agus ar leithligh ar Airteagal 114 de CFAE chun an rannpháirtíocht phoiblí a chosaint chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú trí éilliú agus cleachtais mhí-úsáideacha eile a nochtadh; á dhearbhú go bhféadfaí aghaidh a thabhairt leis an mbeart deireanach sin ar SLAPPanna, a bhféachtar orthu mar chásanna dlí a úsáidtear chun críoch eile seachas chun ceart a dhearbhú nó a fheidhmiú agus a bhfuil sé mar aidhm leo imscrúdú agus tuairisciú ar sháruithe ar dhlí an Aontais a chosc trí úsáid a bhaint as cur chuige atá cosúil leis an gcur chuige ar glacadh Treoir (AE) 2019/1937 (an 'Treoir maidir le Sceithirí') mar thoradh air; den tuairim go bhféadfaí aghaidh a thabhairt leis na bunúis dlí thuasluaite ar SLAPPanna ina mbeadh cásanna dlí coiriúla agus sibhialta araon, cé gur trí ionstraimí reachtacha ar leithligh a dhéanfaí é sin; á iarraidh go mbeadh coimircí éifeachtacha ann in aghaidh SLAPPanna ar fud an Aontais ar bhonn na dtograí sin ón gCoimisiún mar aon le gníomhaíochtaí ó na Ballstáit chun go mbeidh feidhm ag na coimircí sin maidir le cásanna náisiúnta freisin;

***Rialacha ginearálta cosanta agus ceartas sibhialta***

24. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach beart reachtach a ghlacadh lena gcosnófar ról íospartaigh SLAPP ó thaobh sáruithe ar dhlí an Aontais a chosc, a thuairisciú agus a cháineadh agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus lán-urraim do chearta bunúsacha a áirithiú; ag tathant ar an gCoimisiún togra le haghaidh reachtaíochta a thíolacadh ina leagfar amach coimircí coiteanna do dhaoine a iniúchann agus a thuairiscíonn ar shlí eile na hábhair sin a bhaineann le leas an phobail;

25. ag tathant ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh beart lena dtabharfar aghaidh ar chásanna SLAPP amhail rialacha maidir le díbhe luath SLAPPanna agus caingne cúirte eile a bhfuil d'aidhm acu rannpháirtíocht phoiblí a chosc; ar cheart smachtbhannaí iomchuí amhail pionóis shibhialta nó fineálacha riaracháin, breithniú ar inspreagthaí mí-úsáideacha fiú mura ndéantar an cás dlí nó an caingean a dhíbhe, costais agus damáistí arna bhfulaingt ag an íospartach (damáistí eacnamaíocha, damáistí don chlú, damáiste síceolaíochta nó damáiste eile) a áireamh ar na rialacha sin; á chur i bhfáth gur cheart go gcuirfí na dúshláin atá roimh íospartaigh SLAPP san áireamh leis na módúlachtaí chun cur isteach ar dhíbhe luath, go háirithe trína cheangal go dtugann an t-éilitheoir údar maith leis an bhfáth nach bhfuil an ghníomhaíocht míchuí, agus costais dlí na nósanna

imeachta á leithdháileadh ar an éilitheoir agus tacaíocht dhlíthiúil agus airgeadais á dtabhairt don chosantóir; á mholadh go mór do na Ballstáit coimircí nós imeachta sibhialta den sórt sin a chur i bhfeidhm i leith chásanna SLAPPanna agus ní hamháin i leith cásanna trasteorann; á iarraidh ar an gCoimisiún, ina theannta sin, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna as a n-eascraíonn siopadóireacht dlínse agus turasóireacht leabhail san athbhreithniú atá le teacht go luath ar Rialacháin na Bruiséile I agus na Róimhe II agus aird á thabhairt freisin ar an obair a rinneadh ag Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar deireadh, feasacht a mhúscailt i measc breithiúna agus ionchúisitheoirí ar fud an Aontais faoi SLAPPanna, lena n-áiritheofar faisnéis a sholáthar faoin ngá atá le díbhe luath na gcásanna dlí sin, mar aon le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le clúmhilleadh a chur chun feidhme go cuí;

26. á mheabhrú go gcuireann an prionsabal *res judicata* cosc ar thionscnóirí SLAPP caingne eile a bhaineann leis na fíricí céanna agus i gcoinne na bpáirtithe céanna a thabhairt; á mheas gur cheart go gcuirfeadh na cúirteanna san áireamh go cuí gur thionscain páirtí SLAPPanna roimhe seo (fiú nuair nach ionann na fíricí agus na páirtithe go díreach, ach go bhfuil siad cosúil agus/nó bainteach lena chéile) agus aighneacht maidir le SLAPPanna á scrúdú acu;

27. á chreidiúint gur cheart aon athbhreithniú ar na rialacha ábhartha i Rialachán na Bruiséile I a léiriú mar is ceart trí athbhreithniú coibhéiseach a dhéanamh ar Choinbhinsiún Lugano chun a áirithiú go gcuirfear rialacha maidir le dlínse idirnáisiúnta i bhfeidhm go comhleanúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála lasmuigh den Aontas agus i gcás ina bhfuil saoránaigh an Aontais i gceist;

***Ceartas coiriúil***

28. ag tathant ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar thromchúis na SLAPPanna arna dtionscain trí imeachtaí coiriúla trí thogra a thíolacadh le haghaidh bearta chun a áirithiú nach féidir clúmhilleadh, leabhal ná béadchaint, ar cionta coiriúla iad i bhformhór na mBallstát, a úsáid le haghaidh SLAPPanna trí ionchúiseamh poiblí nó príobháideach; ag cur i bhfios go láidir go n-iarrann Comhairle na hEorpa agus ESCE go ndéanfaí an clúmhilleadh a dhíchoiriúlú; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar SLAPPanna atá mar chásanna dlí a úsáidtear chun críoch eile seachas chun ceart a dhearbhú nó a fheidhmiú i ndáiríre; ag tabhairt dá haire gur minic a bhíonn cúisimh choiriúla os comhair cosantóirí agus dliteanas sibhialta á n-agairt ina leith ag an am céanna ar dliteanas sibhialta é a líomhnaítear a eascraíonn as an iompar céanna agus á iarraidh ar an gCoimisiún coimircí íosta coiteanna nós imeachta a thabhairt isteach i gcoinne SLAPPanna comhcheangailte;

29. á mheabhrú go bhfuil coincheap an chomhionannais arm idir páirtithe in imeachtaí riaracháin, sibhialta agus coiriúla ina ghné dhílis den cheart chun trialach córa faoi Airteagal 47 den Chairt agus ag croílár an chirt sin; á chur in iúl gur ábhar imní di go mbaineann míchothromaíocht cumhachta agus acmhainní idir páirtithe i gcásanna SLAPPanna an bonn de chomhionannas arm, agus ar an gcaoi sin an ceart chun triail chóir a fháil;

*Leas dlisteanach éilitheoirí*

30. á dhearbhú nach mór do chúirteanna na mBallstát an phróis chuí thráthúil agus cosaint chothrom na gceart dlisteanacha a eascraíonn as dlí an Aontais, amhail an ceart chun clú duine a chosaint, a áirithiú, agus nach féidir na cearta sin a chur i mbaol, lena n-áirítear na cearta a luaitear go rialta i gcásanna dlí mí-úsáideacha; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh bearta frith-SLAPP gan dochar do chaingne cúirte dlisteanacha agus do cheart éilitheoirí rochtain a fháil ar an gceartas; ag seasamh leis an tuairim ag an am céanna gur gá cosc a chur ar aon úsáid mhí-úsáideach as córais cheartais agus as na cearta sin ar bhealach atá contrártha go follasach do rún na reachtóirí agus iad á mbronnadh ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha chun an ceart chun trialach córa a ráthú; á mheas chuige sin, gur gá coimircí a bheith ann, ní hamháin chun íospartaigh SLAPPanna a chosaint, ach chomh maith leis sin chun mí-úsáid na mbeart i gcoinne SLAPPanna a chosc agus pionós a ghearradh uirthi, e.g. i gcásanna ina n-úsáideann rialtais fhorlámhacha clásail frith-SLAPP mar arm chun ENRanna arna n-eagrú ag rialtas a chosaint ar chásanna dlisteanacha clúmhillte; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé chomh riachtanach céanna mí-úsáid den sórt sin a chosc chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach, agus ar an gcaoi sin a héifeachtacht a chosaint;

***Bearta féideartha reachtaíochta boige***

31. á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le ciste láidir chun tacú le híospartaigh SLAPPanna agus eagraíochtaí a thacaíonn leo ar choinníoll go n-úsáidtear na cistí go díreach le haghaidh táillí dlíthiúla nó chun cúnamh dlíthiúil agus tacaíocht shíceolaíoch a chur ar fáil; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé faisnéis éasca inrochtana a bheith ar fáil d'íospartaigh agus d'íospartaigh ionchasacha SLAPPanna faoi na cásanna sin, faoi chúnamh dlí agus faoi thacaíocht, lena n-áirítear tacaíocht shíceolaíoch d'íospartaigh agus ball dá theaghlach;

32. á mheas gur féidir le tacaíocht do chomhlachtaí neamhspleácha, ar féidir leo gearáin a éisteacht agus cúnamh a thabhairt d'íospartaigh ionchasacha SLAPPanna agus oiliúint leormhaith a chur ar breithiúna agus dlíodóirí, cur go substaintiúil le heolas agus le hacmhainneacht a fhorbairt maidir leis an mbealach chun SLAPPanna agus an bhagairt ó SLAPPanna a bhrath agus a láimhseáil, ar SLAPPanna iad atá mar chásanna dlí a úsáidtear chun críoch eile seachas chun ceart a dhearbhú nó a fheidhmiú i ndáiríre;

33. á mheas gur gá sonraí a bhailiú maidir le cásanna SLAPPanna agus feasacht a mhúscailt maidir le cineál agus le héifeachtaí díobhálacha SLAPPanna;

34. á chur in iúl gur geal léi an moladh ón gCoimisiún maidir le cosaint, sábháilteacht agus cumhachtú iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin san Aontas Eorpach a áirithiú (C/2021/6650), ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as saoroibrithe, go háirithe iriseoirí óga agus oibrithe sna meáin ag tús a ngairmréime, chun limistéir ardriosca agus limistéir choinbhleachta a chumhdach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na dálaí oibre forbhásacha agus na dálaí sábháilteachta atá ag dul in olcas ina n-oibríonn saoroibrithe i limistéir ardriosca agus i limistéir choinbhleachta; á iarraidh ar na Ballstáit an moladh ó Chomhairle na hEorpa maidir le cosaint na hiriseoireachta agus sábháilteacht iriseoirí agus gníomhaithe eile sna meáin a chur chun

feidhme go hiomlán;

***Comhlántacht le hionstraimí agus beartais eile***

35. á mheas gur cheart go gcomhlánódh bearta reachtacha agus neamhreachtacha nua frith-SLAPP ionstraimí agus beartais eile de chuid an Aontais; á chur in iúl gur geal léi Straitéis an Aontais 2021-2025 chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe, agus á iarraidh go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí i ndáil leis sin; ag tabhairt dá haire nach féidir le bearta reachtacha ná le bearta reachtaíochta boige a bheith éifeachtach sna Ballstáit sin ina bhfuil imní faoi neamhspleáchas na mbreithiúna nó faoin gcomhrac i gcoinne an éillithe; á athdhearbhú, ina leith sin, an géarghá atá le sásra AE maidir leis an daonlathas, leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha mar atá molta ag an bParlaimint;

36. ag meabhrú a thábhachtaí atá Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, a bhfuil feidhm aige maidir le gach leithreasú faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí ón 1 Eanáir 2021; á chur i bhfios go láidir go bhfuil leasanna airgeadais an Aontais le cosaint i gcomhréir le luachanna agus gealltanais an Aontais, agus gur cheart don Choimisiún leas a bhaint as an sásra coinníollachta má theipeann ar na Ballstáit na luachanna sin a chosaint; á mholadh, i bhfianaise an mhéid sin, an obair thábhachtach a dhéanann iriseoirí iniúchacha i gcásanna ina ndéantar mí-úsáid ar chistí AE a nochtadh, agus ag cur béim ar ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh iriseoirí in ann a ngairm a chleachtadh gan bac ó SLAPPanna a chur orthu;

37. á chur i bhfáth gur cheart do bhearta ar leibhéal an Aontais chun SLAPPanna a chomhrac a bheith comhlántach agus comhsheasmhach le huirlisí eile atá ar fáil, amhail an sásra chun an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a chosaint, beartais maidir le héilliú a chomhrac, agus cláir airgeadais reatha chun tacú le córais sochaí sibhialta agus córais cheartais;

38. á thabhairt chun suntais go bhfuil an comhrac i gcoinne an éillithe ríthábhachtach chun an daonlathas, cearta bunúsacha agus an smacht reachta a chaomhnú, ós rud é go mbaintear an bonn ónár luachanna, ó dhea-fheidhmiú na stát agus ón gcoireacht eagraithe leis an éilliú, arb ann do go leor cineálacha éagsúla;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún, faoi chuimsiú an tsásra bhliantúil maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha, an t-idirphlé rialta, cuimsitheach agus struchtúrtha le húdaráis náisiúnta, le ENRanna, le comhlachais ghairmiúla agus le geallsealbhóirí eile a neartú chun iriseoirí, agus ionadaithe eile de chuid na sochaí sibhialta atá i mbaol SLAPPanna, a chosaint agus chun tacú leo;

°

° °

40. á iarraidh ar an gCoimisiún tograí a ullmhú ar bhonn na hiarscríbhinne a ghabhann leis an rún seo;

41. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## IARSCRÍBHINN

***1. Pacáiste ina bhfuil reachtaíocht bhog agus reachtaíocht chrua araon***

Bearta reachtacha – ba cheart tograí a chur san áireamh i bpacáiste lena dtugtar aghaidh ar SLAPPanna***, lena n-áirítear sásraí maidir le díbhe luath,*** ar tograí iad:

− le haghaidh rialacha ginearálta lena dtugtar cosaint in aghaidh SLAPPanna; reachtaíocht sonrach lena leagtar síos comhchaighdeáin íosta maidir le bearta tacaíochta agus díspreagtha lena dtugtar cosaint in aghaidh SLAPPanna;
− lena dtugtar aghaidh go sonrach ar cheisteanna a bhaineann leis an gceartas sibhialta; a mholtar go láidir do na Ballstáit iad a chur i bhfeidhm i gcásanna náisiúnta SLAPPanna freisin, agus an dlí idirnáisiúnta príobháideach, lena n-áirítear comhar breithiúnach agus siopadóireacht dlínse;
− lena dtugtar aghaidh go háirithe ar shaincheisteanna an cheartais choiriúil.

Bearta neamhreachtacha – ba cheart an méid seo a leanas a áireamh freisin sa phacáiste sin:

– oiliúint leormhaith a chur ar bhreithiúna agus ar dhlíodóirí i dtaobh SLAPPanna;
– measúnú ar an idirghníomhú idir réimsí éagsúla dlí, amhail dlíthe náisiúnta na meán agus dlíthe bunreachtúla sa chomhthéacs sin;
– ciste sonrach de chuid an Aontais chun tacaíocht a thabhairt d’íospartaigh SLAPPanna agus dá mbaill teaghlaigh, lena n-áirítear maidir le cúnamh airgeadais, cúnamh dlí agus tacaíocht shíceolaíoch;
– tacaíocht do chomhlachtaí neamhspleácha (amhail ombudsmain) atá in ann déileáil le gearáin ó dhaoine a bhfuil cásanna SLAPP ag bagairt orthu nó os a gcomhair, agus cúnamh a thabhairt dóibh, mar aon le tacaíocht do chomhaltaí féinrialála meán;
– clár de chuid an Aontais de chinntí ábhartha cúirte a mbeidh rochtain ag an bpobal air;
– ‘ionad ilfhreastail’/mol tacaíochta a fhaigheann tacaíocht ó gréasáin thiomanta náisiúnta de dhlíodóirí agus síceolaithe ar féidir le híospartaigh SLAPPanna teagmháil a dhéanamh leo agus inar féidir leo treoir agus rochtain éasca a fháil ar fhaisnéis maidir le SLAPPanna agus tacaíocht i gcoinne SLAPPanna, lena n-áirítear maidir le ‘garchabhair’, cúnamh dlíthiúil, tacaíocht airgeadais agus tacaíocht shíceolaíoch, lena n-áirítear trí ghréasáin um malartú idir piaraí;

***2. Rialacha ginearálta***

Bheadh dhá aidhm ag togra reachtach le haghaidh beart ginearálta cosanta, eadhon, cosaint a thabhairt, i gcomhréir leis na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt, do dhaoine a bhfuil ábhair a bhaineann le leas an phobail á n-imscrúdú, á dtuairisciú nó á nochtadh acu ar bhealach eile, ar ábhair iad maidir le sáruithe ar dhlí an Aontais, lena n-áirítear cleachtais mhí-úsáideacha nach bhfuil neamhdhleathach ach a chuireann ar neamhní cuspóir nó críoch an dlí, agus a thugann cosaint d’fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Leis an mbeart reachtach, ba cheart an méid seo a leanas a sholáthar freisin:

(a) sainmhíniú soiléir ar SLAPPanna, lena n-áirítear rannpháirtíocht an phobail ar

ábhair a bhaineann le leas an phobail a shainmhíniú;

(b) rialacha maidir le rúndacht iniúchtaí agus tuarascálacha, lena n-áirítear rúndacht foinsí faisnéise;

(c) rialacha maidir le frithbheartaíocht agus pionóis éifeachtacha agus athchomhairleacha in aghaidh ghníomhaíochtaí SLAPP a thoirmeasc;

(d) rialacha lena gcuirtear cosc ar mhí-úsáid na mbeart in aghaidh SLAPPanna;

(e) bearta tacaíochta, lena n-áirítear:

(i) cúnamh éifeachtach, faisnéis, agus comhairle agus tacaíocht phraiticiúil arna soláthar ag ‘ionad ilfhreastail’ i ndáil le ‘garchabhair’ d’íospartaigh SLAPP;

(ii) cúnamh dlíthiúil agus airgeadais;

(f) bearta éifeachtacha chun cosaint a thabhairt i gcoinne frithbheartaíocht a eascraíonn as míchothromaíochtaí cumhachta idir na páirtithe agus lena lamháiltear damáistí a d’fhéadfaí a bheith ann a leigheas.

***3. Nós imeachta sibhialta***

Le togra reachtach le haghaidh beart nós imeachta sibhialta is infheidhme i gcásanna SLAPP, a mholtar go láidir do na Ballstáit a chur i bhfeidhm freisin i gcásanna náisiúnta, ba cheart go bhforbrófaí comhar breithiúnach in ábhair shibhialta trí fhoráil a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna maidir le SLAPPanna a eascraíonn as éilimh faoin dlí sibhialta agus ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfaidh an éilitheoir i gcásanna a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí sonrú ar an bhfáth nach caingean mhí-úsáideach an chaingean agus réasúnú a thabhairt ina leith;
(b) go ndéanfaidh na cúirteanna sin cásanna dlí mí-úsáideacha a dhíbhe go hachomair, ag an gcéim is luaithe is féidir, *ex officio* nó tar éis iarraidh a fháil ón gcosantóir bunaithe ar a cheart nó a ceart chun tairiscint ar dhíbhe luath a chur isteach;
(c) go ndéanfaidh na cúirteanna an ghné mhí-úsáideach a bhreithniú in aon chinneadh críochnaitheach;
(d) go bhféadfaidh tríú páirtithe idirghabháil agus seachaíocht a dhéanamh ar chearta agus oibleagáidí an chosantóra, i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta;
(e) go ndéanfaidh na cúirteanna leas an phobail agus cothromaíocht na n-acmhainní airgeadais idir pháirtithe a bhreithniú le linn dóibh costais a mheasúnú agus damáistí a dhámhachtain;
(f) acmhainn chun íospartaigh a chosaint ar SLAPPanna arna dtionscnamh lasmuigh den Aontas;
(g) an ceart chun costais a dhámhachtain go hiomlán;
(h) an ceart chun damáistí mar gheall ar dhíobháil ábhartha agus neamhábhartha, lena n-áirítear damáistí eacnamaíocha, damáistí don chlú, damáiste síceolaíochta nó damáiste eile a rinneadh;

(i) rialacha maidir le cosc a chur ar dhlíthíocht mhí-úsáideach bhreise ag páirtí a thóg cás dlí SLAPP i ndáil leis na fíorais chéanna, eadhon tríd an imthoisc sin a chur san áireamh agus cás nua á scrúdú aige;

Ba cheart an méid seo a leanas a shuí le togra ón gCoimisiún arb é is aidhm dó cobhsaíocht an dlí agus intuarthacht an dlí a bhaint amach agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar ionstraimí dlí idirnáisiúnta phríobháidigh:

(a) athmhúnlú ar Rialachán na Bruiséile I ina mbeidh riail shainráite maidir le héilimh chlúmhillte nó éilimh eile atá bunaithe sa dlí sibhialta agus tráchtála a d'fhéadfadh a bheith ina SLAPP, gnáthchónaí an chosantóra mar an t-aon dlínse, ag féachaint go cuí do chásanna inar daoine príobháideacha iad íospartaigh an chlúmhillte;
(b) gurb é an dlí is infheidhme dlí na háite a bhfuil foilseachán dírithe chuige nó, murar féidir an áit sin a shainaithint, áit an rialaithe eagarthóireachta nó na gníomhaíochta ábhartha maidir le rannpháirtíocht an phobail.

### *4. Nós imeachta coiriúil*

Le togra reachtach maidir le gnéithe dlí choiriúil de SLAPPanna, ba cheart an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a shonrú, i gcás inar cionta coiriúla iad clúmhilleadh, leabhal agus béadchaint, nach féidir iad a úsáid le haghaidh SLAPPanna, go háirithe trí ionchúiseamh príobháideach;
(b) forálacha a shonrú chun cearta daoine aonair a choimirciú ionas nach bhféadfar ionchúiseamh a úsáid chun íospartaigh SLAPPanna a chur ina dtost;
(c) aitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha, agus comhar idir póilíní agus breithiúna in ábhair choiriúla, a éascú;
(d) coimircí nós imeachta íosta comhchoiteanna a shocrú chun cosantóirí a bhfuil SLAPPanna os a gcomhair a chosaint bunaithe ar chúisimh choiriúla chomhcheangailte agus ar chaingne dliteanais shibhialta a líomhnaítear a eascraíonn as an iompar céanna.

Ba cheart do na bearta sin a bheith comhlántach le gníomhaíochtaí reatha an Choimisiúin, le reachtaíocht a glacadh cheana agus le tionscnaimh a bheidh ann amach anseo.

7.9.2021

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHULTÚR AGUS UM OIDEACHAS

don Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus don Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

maidir le neartú an daonlathais agus saoirse na meán agus an iolrachais in AE: úsáid mhíchuí á baint as gníomhaíochtaí faoin dlí sibhialta agus faoin dlí coiriúil chun iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta a chur ina dtost
(2021/2036(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Loucas Fourlas

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, na coistí atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina dtairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfios go láidir gur cloch choirnéil den daonlathas iad meáin neamhspleácha, neamhchlaonta, ghairmiúla agus fhreagracha; á mheabhrú go bhfuil an tAontas bunaithe ar na comhluachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus á athdhearbhú gur in Airteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a leagtar síos saoirse agus iolrachas na meán mar chearta bunúsacha; á chur in iúl gur mórchúis bhuartha di an staid i roinnt de na Ballstáit ina bhfuil saoirse na meán agus saoirse tuairimí a nochtadh ag dul in olcas, ina bhfuil iriseoirí á gcur ina dtost agus foréigean agus ciapadh á dhéanamh orthu, ina bhfuil an spás le haghaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus cosantóirí chearta an duine ag dul i laghadh agus ina bhfuil cur isteach polaitiúil ag cur teorann leis an rochtain ar fhaisnéis ar le leas an phobail í; á chur i bhfios go láidir an ghéarghá le bearta reachtacha agus neamhreachtacha a mholadh, an tAcht um Shaoirse na Meán go háirithe, chun timpeallacht níos sábháilte a áirithiú do na forais faire poiblí san Aontas;

2. á thabhairt chun suntais maidir leis na cearta bunúsacha chun saoirse tuairimí a nochtadh, an ceart chun faisnéis a fháil agus ceart rannpháirtíochta an phobail, gur bunriachtanais daonlathais fholláin iad; á chur in iúl gur mórchúis bhuartha di an spás le haghaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta a bheith ag dul i laghad, agus an bhagairt ar iriseoirí, cosantóirí chearta an duine agus daoine eile a dhéanann cumarsáid maidir le ceisteanna tábhachtacha ar mhaithe le leas an phobail agus a cháineann daoine mórchumhachtacha sa tsochaí, agus an úsáid bhreise a dhéantar de chásanna straitéiseacha dlí in aghaidh rannpháirtíocht an phobail chun meáin nuachta agus

iriseoirí neamhspleácha, mar aon le heagraíochtaí sochaí sibhialta, cosantóirí na gceart, gníomhaithe, sceithirí, lucht acadúil, ealaíontóirí agus marthanóirí ionsaithe gnéasacha agus foréigin baile, chun iad uile a chur ina dtost;

3. á iarraidh ar na Ballstáit neamhspleáchas na meán ar bhrú polaitiúil agus eacnamaíoch a áirithiú agus a chaomhnú, agus iolrachas na meán a ráthú; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt go poiblí ar aon mhí-úsáid ó údaráis phoiblí agus á iarraidh ar na Ballstáit trédhearcacht a áirithiú maidir le húinéireacht na meán; ag tathant ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún creat dlíthiúil uaillmhianach, stóinsithe agus iomlán, mar aon le tacar uirlisí, a fhorbairt san Acht um Shaoirse na Meán atá beartaithe aige chun cumas AE a neartú faireachán a dhéanamh ar aon ghníomhartha a chuirfeadh teorainn le saoirse na meán nó a dhéanfadh dochar di agus pionós a fhorchur agus iolrachas na meán a áirithiú; á mheabhrú go bhfuil uirlisí a chumhdaítear sna Conarthaí, in Airteagal 7 CAE go háirithe maidir leis an nós imeachta chun a chinneadh an bhfuil riosca soiléir ann ar Bhallstát a bheith ag déanamh sárú tromchúiseach ar na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE agus gníomhú dá réir; á chur i bhfáth nár cheart aon chistí Aontais a leithdháileadh ar eagraíochtaí meáin atá gafa ag rialtais Bhallstát;

4. á chur in iúl gur ábhar buartha di drochthionchar phaindéim COVID-19 i gcónaí agus ní ar an tsláinte phoiblí, leas sóisialach agus cúrsaí geilleagair amháin, ach go bhfuil tionchar aici ar earnáil na meán i gcoitinne, agus í go háirithe ina cúis le hioncaim a bheith ag titim agus dálaí oibre a bheith ag dul in olcas d'iriseoirí, rud a chuireann bac ar shaoirse agus iolrachas na meán; á rá gur ábhar imní di, thairis sin, tráth amhail an phaindéim sláinte reatha, nuair atá ríthábhacht le faisnéis bhailí, iontaofa agus tráthúil go gcaithfidh saoránaigh agus an tsochaí shibhialta aghaidh a thabhairt ar bhagairtí tromchúiseacha ar shaoirse na meán, lena n-áirítear srianta ar an rochtain ar cheartas agus faisnéis don phobal, nuair a ionchúisítear iriseoirí nó go mbuailtear iad as nuacht maidir le COVID-19 a thuairisciú[1]; ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh rialtais ar fud an domhain leas a bhaint as éigeandáil an choróinvíris mar leithscéal chun srianta nua diana a chur chun feidhme maidir le saoirse tuairimí a nochtadh agus chun cinsireacht níos doichte a dhéanamh ar na meáin ar líne agus as líne araon; á iarraidh ar an gCoimisiún na srianta ar shaoirsí na meán a tugadh isteach le linn na paindéime a iniúchadh agus á iarraidh go ndéanfaí na srianta sin a tharraingt siar go huile agus an staid mar a bhí roimh an bpaindéim a thabhairt ar ais; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, cistí a chur ar fáil chun cur i gcoinne leathadh bréagfhaisnéise agus chun tacaíocht a thabhairt don iriseoireacht, iriseoireacht iniúchach go háirithe, d'fhonn tuairisciú neamhspleách ar ghnóthaí poiblí, lena n-áirítear éilliú agus mí-iompar oifigiúil, a chumasú;

5. á admháil gur chuir an t-aistriú digiteach athrú ó bhonn ar thimpeallacht na meán, agus patrúin nua ann maidir le míreanna nuachta a chuardach, rochtain a fháil orthu, mar a chaitear leo agus mar a dhéantar iad a chomhroinnt nó a aisghabháil; á chur i bhfáth go bhfuil a thuilleadh brú ar eagraíochtaí beaga meán cumarsáide dá bharr, meáin nuachta áitiúla go háirithe, gur cuireadh dlús le comhdhlúthacht an mhargaidh agus gur mhinic coinníollacha iomaíochta éagothroma á leagan síos, rud a chuir marthanacht fhadtéarmach agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch asraon meán a bhí leochaileach

[1] https://www.amnesty.org/en/latest/news/2020/05/global-crackdown-on-journalists-weakens-efforts-to-tackle-covid19/?fbclid=IwAR0GO09WSuyXFBp-VXhqmQJXuf8Hll81PEAESEkUbIM_slFbAftNGIE3yWQ

cheana féin, agus ilchineálacht na n-imreoirí margaidh dá réir, i mbaol;

6. á thabhairt chun suntais go n-áitíonn Tuairisceoirí gan Teorainneacha go mbeidh na deich mbliana atá romhainn ríthábhachtach chun saoirse na meán a chaomhnú, mar gur minic a bhíonn sí faoi bhagairt ag rialtais phobalacha agus mhíliobrálacha a bheith ag teacht chun cinn; á iarraidh go gcuirfear sásraí cistiúcháin ar fáil chun na meáin chumarsáide a chosaint, iriseoirí iniúchacha agus a bhfoinsí go háirithe, ar chleachtais idirdhealaitheacha rialála agus mhargaidh agus ar chur isteach ó rialtais; á athdhearbhú go bhfuil géarghá le faireachán neamhspleách ar shaoirse na meán ar fud AE agus chun na Ballstáit a dhreasú chun ionstraimí atá ann cheana féin, amhail an Monatóir ar Iolrachas na Meán, a chur chun feidhme agus a fheabhsú;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú i leith a Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach agus treoir a mholadh gan mhoill lena leagfar síos íoschaighdeáin chomhchoiteanna do na Ballstáit uile in aghaidh cásanna dlí straitéiseacha in aghaidh rannpháirtíocht an phobail (SLAPPanna) agus lena n-áiritheofar go gcuirtear deireadh leo ag céim sách luath chun meáin agus iriseoirí neamhspleácha, foilsitheoirí nuachta, eagraíochtaí meán, lucht acadúil, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a chosaint ar bhrú airgeadais agus cásanna dlí cráiteacha, agus ar chaingean dlí a bheadh á mbagairt, chun iad a chiúnú nó a imeaglú; á chur i bhfios go láidir gur cheart, i dtreoir in aghaidh SLAPPanna, go mbeadh forálacha inti a bhaineann le díbhe ghasta nóis imeachta i gcásanna atá go follasach gan bhunús agus iad á n-aithint ina SLAPPanna ag údaráis bhreithiúnacha, agus leigheasanna éifeachtacha do chosantóirí a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais nó a nochtann faisnéis ar mhaithe le leas an phobail; á chur i bhfios go láidir gur cheart, i dtreoir in aghaidh SLAPPanna, go dtabharfaí aghaidh ar an tsiopadóireacht dlínse agus go ndéanfaí í a thoirmeasc, agus go ndéanfaí na féidearthachtaí maidir le roghnú an dlínse ina gcuirfí an dlí ar chosantóirí i gcásanna SLAPP a theorannú dá dtír chónaithe; á chur i bhfáth gur den riachtanas é gníomhú i gcás ina mbaineann rialtais nó daoine aonair leas as bearta dlí chun a gcáinteoirí agus a gcéilí comhraic a chiúnú ar bhealach nach luíonn le cearta bunúsacha daoine aonair, agus gur den riachtanas é cur leis an oiliúint bhreithiúnach i gcás aturnaetha inmheánacha na bhfoilsitheoirí nuachtán, agus i gcás aturnaetha agus breithiúna i gcoitinne, chun a chur ar a gcumas SLAPPanna a aithint agus déileáil leo, agus chun cur leis an bhfeasacht maidir le sásraí iontaoibhe atá ar fáil; á iarraidh go gcruthófar ciste AE a thabharfaidh tacaíocht d'íospartaigh SLAPPanna, trína gcuirfear cúnamh airgeadais nó dlíthiúil ar fáil dóibh i bhfeidhmiú a gceart chun cosanta, agus go gcruthófar gréasán sábháilte áit ar féidir le híospartaigh SLAPPanna a n-eispéiris a mhalartú;

8. á chur i bhfios go láidir ról fíor-riachtanach na sceithirí a dhéanann éilliú a nochtadh nó sáruithe dhlí an Aontais atá díobhálach do leas an phobail a thuairisciú, agus á mheabhrú go bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit an Treoir maidir le Cosaint do Lucht Sceite Eolais[2] a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin 17 Nollaig 2021; á chur i bhfios go láidir i ndáil leis seo ról na meán i dtaca le faisnéis maidir le sáruithe dlí a nochtadh ar mhaithe le leas an phobail; á áitiú go gcaithfear rúndacht fhoinsí iriseoireachta a chaomhnú agus gur cheart bealaí tuairiscithe inmheánacha agus seachtracha a bheidh slán agus

[2] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.

neamhspleách a chur ar bun faoina bhféadfadh sceithirí sáruithe ar dhlí an Aontais a thuairisciú agus a áiritheoidh go dtabharfar cosaint dóibh ar fhrithbhearta;

9. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil caibidil shonrach maidir le faireachán ar shaoirse agus iolrachas na meán i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin ar an smacht reachta; ag tathant ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar úsáid mhíchuí ghníomhaíochtaí faoin dlí sibhialta agus faoin dlí coiriúil chun iriseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tsochaí shibhialta a chur ina dtost, lena n-áirítear trí bhunachar sonraí uile-Aontais a mbeidh rochtain ag an bpobal air a chruthú ina mapálfar cásanna SLAPP sainaitheanta sna Ballstáit uile, agus trí shonraí na ngníomhaíochtaí sin a chur ar fáil sna caibidlí ar thíortha éagsúla i dtuarascálacha smacht reachta amach anseo;

10. á mheabhrú maidir le hiriseoirí agus foirne eagarthóireachta agus líon suntasach ball foirne buan agus sealadach in eagraíochtaí na meán cumarsáide go mbíonn siad faoi réir dálaí oibre ilchineálacha a bheadh forbhásach ar uairibh agus tuarastail ísle a bheith ag gabháil leo b’fhéidir, agus gur faoi chonarthaí saoririseora a bhíonn siad ag obair go minic; á chur i bhfáth a riachtanaí atá sé dálaí oibre cobhsaí agus córa a áirithiú, trí ionadaíocht ghairmiúil leormhaith, mar shampla; á chur i bhfáth a riachtanaí atá rialacha níos soiléire i dtaca le haitheantas frithpháirteach do ghairm na hiriseoireachta agus stádas iriseoirí ar fud AE; á mheabhrú gur den riachtanas é cearta maoine intleachtúla iriseoirí a chur chun feidhme go hiomchuí agus go bhfaighidís aitheantas agus luach saothair cuí as fiúntas a gcuid oibre; á chur i bhfáth go gcaithfear tacaíocht leormhaith a thabhairt d’iriseoirí agus do na meáin chumarsáide chun neamhspleáchas agus freagracht shóisialta na hiriseoireachta a áirithiú agus chun go mbeifear in ann seasamh in aghaidh imeaglú arb iad féinchinsireacht nó cinsireacht a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh air;

11. á chur in iúl gur geal léi lainseáil an tionscnaimh ‘NEWS’ faoin bPlean Gníomhaíochta um Meáin Nuachta agus Chlosamhairc arna leagan amach ag an gCoimisiún i Mí na Nollag 2020 (COM(2020)0784); á chur i bhfios go láidir go mbeidh sé riachtanach soiléiriú a thabhairt maidir lena raon feidhme, a mhaoiniú agus a fheidhmiú;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur leis an tacaíocht atá ar fáil le haghaidh eagraíochtaí meán nuachta, agus aird ar leith ar FBManna, agus asraoin meán agus stáisiúin raidió áitiúla agus réigiúnacha; á chur i bhfáth gur cheart leithdháiltí maidir le hearnáil na meán a mhéadú ar fud cláir éagsúla na gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI);

13. ag cur in iúl gur cúis imní di an méadú atá tagtha ar an bhfuathchaint ar líne, drochíde ó bhéal, ciapadh agus sárú príobháideachais ar líne, agus é dírithe go háirithe i gcoinne shaoirse an phreasa agus saoirse tuairimí a nochtadh; á chur i bhfios go láidir go mbíonn bagairtí agus ciapadh ar líne thar a bheith seasmhach i gcás iriseoirí ar mná iad agus grúpaí daoine eile atá imeallaithe, go háirithe iad siúd a chaithfidh aghaidh a thabhairt ar il-idirdhealú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit treoirlínte a dhréachtadh chun an fhuathchaint ar líne agus as líne a chomhrac a thuilleadh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le comhar níos fearr idir údaráis agus soláthraithe seirbhísí ardán ar líne agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar chiapadh agus fuathchaint ar líne, gan cur isteach ar shaoirse an phreasa agus ar an

gceart bunúsach chun saoirse tuairimí a nochtadh;

14. á chreidiúint gur cheart, i dtreoir in aghaidh SLAPPanna, go gcumhdófaí éilimh éagsúla amhail clúmhilleadh, leabhal agus béadchaint agus á iarraidh ar an gCoimisiún cothromaíocht chóir a áirithiú idir an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus ceart rochtana ar cheartas; ag tabhairt dá haire maidir le dlíthe róchosantacha um chlúmhilleadh, go bhféadfadh éifeacht mhór dhiúltach a bheith acu ar shaoirse tuairimí a nochtadh agus ar an idirphlé poiblí; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh aon mhí-úsáid ionchúisimh ann i leith clúmhilleadh, go ndéanfar neamhspleáchas ionchúisitheoirí sna cásanna sin a choimirciú, agus a áirithiú go dtabharfaidh an dlí sibhialta cosaint éifeachtach do dhínit daoine a ndéanann clúmhilleadh difear dóibh; á iarraidh ar Bhallstáit, thairis sin, uasmhéideanna réasúnta agus comhréireacha a leagan síos maidir le fíneálacha i leith damáistí;

15. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh slite ann do mheáin na seirbhíse poiblí chun a ról cultúrtha, sóisialta agus oideachais a chomhlíonadh; á iarraidh ar na Ballstáit, ina leith sin, na creataí rialála atá bunaithe cheana féin amhail AVMSD a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh ar úinéireacht na meán agus trédhearcacht iomlán a áirithiú maidir le faisnéis agus go mbeidh rochtain gan stró ag saoránaigh uirthi; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sásraí rialála meán inmheánacha neamhspleácha chun a áirithiú go ndéantar na hoibrithe uile, iriseoirí san áireamh a chosaint ar bhrú polaitiúil agus eacnamaíoch, á thabhairt chun suntais maidir le daoine neamhpháirtíneacha ar bhoird mhaoirseachta eagraíochtaí meán na seirbhíse poiblí go bhfuil sé riachtanach gur ar bhonn neamhchlaonta a cheapfar iad chun go mbeidh siad in ann gníomhú ar mhaithe le leas an phobail seachas le leas páirtí nó idé-eolaíochta ar leith;

16. á iarraidh ar na Ballstáit uile an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc[3], mar a athbhreithníodh in 2018 í, lena forálacha uile, a chur chun feidhme go gasta; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ina leith sin, agus aird ar leith á tabhairt ar fhorálacha Airteagal 30 maidir le ról, cumhachtaí agus neamhspleáchas rialálaithe na seirbhísí meán closamhairc; á áitiú go gcaithfidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus i gcomhréir le cuspóirí na treorach seo, go háirithe maidir le hiolrachas na meán, éagsúlacht chultúrtha agus teanga, cosaint tomhaltóirí, inrochtaineacht, neamh-idirdhealú, feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus iomaíocht chóir a chur chun cinn; á áitiú thairis sin gur cheart acmhainní leormhaithe airgeadais agus daonna a bheith ag na húdaráis agus comhlachtaí rialála náisiúnta chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach agus chun rannchuidiú le hobair Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA);

17. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh ERGA ar bun, agus comhar i measc chomhlachtaí rialála na meán closamhairc sa mhargadh inmheánach á mholadh aici, agus le haon chomhlachtaí rialála eile atá ábhartha do ghníomhaíochtaí nuachta ar líne;

18. á chur in iúl gur geal léi lainseáil na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa agus á iarraidh

[3] Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (an Treoir maidir le Seirbhísí Meáin Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh IO L 303, 28.11.2018, lch. 69.

ar an gCoimisiún agus na Ballstáit an úsáid is fearr is féidir a dhéanamh de na conclúidí uaithi a bheidh ann go luath chun feidhmiú rannpháirteach daonlathach sochaithe a neartú;

19. á mholadh do na Ballstáit agus don Choimisiún bearta éifeachtacha a thionscnamh chun cosaint níos fearr a áirithiú maidir le sábháilteacht phearsanta iriseoirí, iriseoirí iniúchacha go háirithe, lena n-áirítear trí ghréasáin idirnáisiúnta a fhorbairt agus a éascú, agus í ag fanacht ar an moladh ón gCoimisiún, moladh a fógraíodh, maidir le sábháilteacht iriseoirí in AE a áirithiú; á iarraidh ar na Ballstáit bearta coisctheacha a ghlacadh, bearta amhail cosaint phóilíneachta, agus scéimeanna a chur ar fáil faoina ndéantar athshuíomh a sholáthar, nó tithe nó dídin shábháilte a sholáthar aon uair a mbeadh bagairt ann d'iriseoirí, lena n-áirítear iriseoirí atá ag tuairisciú ó thíortha coinbheachta nó ard-riosca; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé ríthábhachtach don daonlathas agus don tsaoirse tuairimí a nochtadh a áirithiú go ndéantar sábháilteacht iriseoirí, agus a gcuid acmhainní, a chosaint;

20. á chur in iúl gur geal léi gníomhaíochtaí nua a bheith á dtionscnamh faoi shnáithe trasearnála chlár Eoraip na Cruthaitheachta, chun saoirse na meán, iriseoireacht ardcháilíochta agus litearthacht sna meáin a fheabhsú; ag cur béim ar an bhfíoras gur bunriachtanas do thuiscint daoine ar shaincheisteanna reatha agus dá rannchuid leis an saol poiblí a bheith criticiúil i mbun úsáid ábhair sna meáin; á iarraidh, ar an ábhar sin, go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit tionscadail a bhaineann le smaointeoireacht chriticiúil agus litearthacht sna meáin a chur chun cinn agus go dtacóidís leo, sna scoileanna go háirithe, chun go mbeidh an uile dhuine in ann faisnéis a rochtain, bréagaisnéis a bhrath agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ríthábhacht le hoideachas in iolrachas sna meáin, daonlathas agus SLAPPanna chun an pobal agus gairmithe dlí, breithiúna agus abhcóidí go háirithe, a íogrú maidir leis an gceist; á iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit feachtais feasachta poiblí agus sainoiliúint le haghaidh gairmithe dlí a chur á bhforbairt; á iarraidh go ndéanfar a thuilleadh infheistíochta chun oiliúint a chur ar iriseoirí, lena n-áirítear iriseoirí as grúpaí mionlaigh, go mór mór d'fhonn cabhrú leo dul in oiriúint ar theicneolaíochtaí, forbairtí sochaíocha nó eile atá ag athrú, agus á athdhearbhú a riachtanaí atá sé cur le leibhéal na faisnéise agus na tuisceana ar AE atá ar fáil do na meáin náisiúnta éagsúla; á mholadh d'institiúidí AE leanúint de bheith ag cur ábhair agus faisnéise ar fáil i dteangacha uile an Aontais;

21. á iarraidh ar na Ballstáit agus na heagraíochtaí meán tacaíocht a thabhairt do bhearta dreasaíochta le haghaidh rannpháirtíocht agus ionadaíocht chomhionann idir fir agus mná ar an uile leibhéal, agus iad a fhorbairt; ag cur béim ar an bhfíoras go mbíonn iriseoirí ar mná iad faoin mbrú céanna lena gcomhghleacaithe ó thaobh ceisteanna ábhair ach gur minice iad ag tabhairt aghaidh ar fhoréigean agus ciapadh gnéasach; á chur i bhfáth ina leith sin a thábhachtaí atá an príomhshruthú gnéasach ar fud earnáil uile na meán; á iarraidh ar an gCoimisiún ina thuarascálacha amach anseo faireachán agus scrúdú a dhéanamh ar na naisc idir saoirse na meán a bheith ag dul in olcas agus an méadú ar ceap milleáin a bheith á dhéanamh de mhionlaigh agus grúpaí imeallaithe agus a bheith ag spriocdhíriú orthu, agus iniúchadh a dhéanamh ar éifeachtaí fuathchoireanna agus fuathchaint ar an idirdhealú san Aontas;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún bréagnuacht, bréagfhaisnéis agus mífhaisnéis a aithint mar

bhagairt, á chur in iúl gur geal léi Measúnú an Choimisiúin ar an gCód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis in 2020 agus na treoirlínte chun cúrsaí a fheabhsú; ag tathant ar an gCoimisiún cinntí a chur le chéile agus Faireachlann Eorpach um Meáin Dhigiteacha a chur ar bun, agus á chur in iúl gur geal léi gur fhógair sé togra reachtach maidir le trédhearcacht ábhar polaitíochta urraithe; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé riachtanach ardáin ar líne a spreagadh chun bréagaisnéis a bhrath agus aghaidh a thabhairt uirthi ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 31.8.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 25<br>–: 0<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Ilana Cicurel, Gilbert Collard, Gianantonio Da Re, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Chiara Gemma, Alexis Georgoulis, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Ryszard Antoni Legutko, Predrag Fred Matić, Dace Melbārde, Victor Negrescu, Niklas Nienaß, Peter Pollák, Marcos Ros Sempere, Domènec Ruiz Devesa, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Salima Yenbou, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Vlad-Marius Botoş, Loucas Fourlas |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 25 | + |
|---|---|
| ECR | Dace Melbārde, |
| NI | Chiara Gemma |
| PPE | Asim Ademov, Loucas Fourlas, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| Renew | Vlad-Marius Botoş, Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Monica Semedo |
| S&D | Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Victor Negrescu, Marcos Ros Sempere, Domènec Ruiz Devesa, Massimiliano Smeriglio |
| The Left | Alexis Georgoulis, Niyazi Kizilyürek |
| Verts/ALE | Niklas Nienaß, Salima Yenbou |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Ryszard Antoni Legutko, Andrey Slabakov |
| ID | Gilbert Collard, Gianantonio Da Re |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 14.10.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 63<br>–: 9<br>0: 10 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Pascal Arimont, Manon Aubry, Katarina Barley, Pernando Barrena Arza, Pietro Bartolo, Nicolas Bay, Gunnar Beck, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Caterina Chinnici, Clare Daly, Marcel de Graaff, Anna Júlia Donáth, Pascal Durand, Angel Dzhambazki, Cornelia Ernst, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Esteban González Pons, Maria Grapini, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Peter Kofod, Mislav Kolakušić, Moritz Körner, Gilles Lebreton, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Nuno Melo, Roberta Metsola, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Jiří Pospíšil, Nicola Procaccini, Emil Radev, Paulo Rangel, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Marcos Ros Sempere, Ralf Seekatz, Stéphane Séjourné, Michal Šimečka, Birgit Sippel, Martin Sonneborn, Raffaele Stancanelli, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Marie Toussaint, Dragoş Tudorache, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Adrián Vázquez Lázara, Bettina Vollath, Axel Voss, Jadwiga Wiśniewska, Tiemo Wölken, Lara Wolters, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Brando Benifei, Daniel Buda, Olivier Chastel, Nathalie Colin-Oesterlé, Tanja Fajon, Heidi Hautala, Anne-Sophie Pelletier, Rob Rooken, Domènec Ruiz Devesa, Isabel Santos, Yana Toom |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 63 | + |
|---|---|
| PPE | Magdalena Adamowicz, Pascal Arimont, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Daniel Buda, Nathalie Colin-Oesterlé, Esteban González Pons, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Nuno Melo, Roberta Metsola, Jiří Pospíšil, Emil Radev, Paulo Rangel, Ralf Seekatz, Tomas Tobé, Axel Voss, Javier Zarzalejos |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Brando Benifei, Caterina Chinnici, Tanja Fajon, Maria Grapini, Marina Kaljurand, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Marcos Ros Sempere, Domènec Ruiz Devesa, Isabel Santos, Birgit Sippel, Bettina Vollath, Tiemo Wölken, Lara Wolters |
| Renew | Olivier Chastel, Anna Júlia Donáth, Pascal Durand, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Stéphane Séjourné, Michal Šimečka, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache, Adrián Vázquez Lázara |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Heidi Hautala, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Marie Toussaint |
| ECR | Assita Kanko |
| The Left | Manon Aubry, Pernando Barrena Arza, Clare Daly, Cornelia Ernst, Anne-Sophie Pelletier |
| NI | Laura Ferrara, Martin Sonneborn |

| 9 | - |
|---|---|
| ID | Nicolas Bay, Gunnar Beck, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Marcel de Graaff, Gilles Lebreton, Annalisa Tardino |
| ECR | Jorge Buxadé Villalba |
| NI | Milan Uhrík |

| 10 | 0 |
|---|---|
| PPE | Nadine Morano |
| ID | Peter Kofod, Tom Vandendriessche |
| ECR | Angel Dzhambazki, Patryk Jaki, Nicola Procaccini, Rob Rooken, Raffaele Stancanelli, Jadwiga Wiśniewska |
| NI | Mislav Kolakušić |